- soláthraíodh comhairle d'Údarás Aerfoirt Bhaile Átha Cliath maidir leis an treoir do thomhaltóirí do dhaoine a mbíonn deacrachtaí gluaiseachta acu a úsáideann na haerfoirt; rochtain ag T2 agus stopanna iompair inrochtaine
- reáchtáladh cruinnithe leanúnacha le Bus Éireann agus le Bus Átha Cliath maidir le leathadh amach tionscnaimh inrochtaineachta chun feabhas a chur ar sholáthar iompair lena n-áirítear ceithre bhealach cóistí inrochtaine trialach agus chuathas i mbun idirchaidrimh leis an Roinn Iompair agus leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil ar sholáthar maoiniú in 2010 do stopanna do chóistí inrochtaine ar na bealaí sin.
- rinneadh aighneacht chuig an mBord Pleanála a thug aghaidh ar shaincheisteanna inrochtaineachta maidir leis an idircheanglóir Luas agus DART atá beartaithe. Bhí an tÚdarás Náisiúnta Míchumais gníomhach i gcruinnithe déthaobhacha eile le hIarnród Éireann chun treoir a thabhairt ar réitigh maidir le hinrochtaineacht.

Cumarsáid agus Fuinneamh

RTÉ

Rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais aighneacht chuig an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha ar Bheartas Seirbhísí Nua RTÉ. Dhírigh sin ar an iliomad deiseanna do sheirbhísí craolacháin inrochtaine uilíoch atá bunaithe ar leathadh amach na Teilifíse Trastíre Digití. Clúdaíodh freisin beartais chun uilechuimsitheacht daoine faoi mhíchumas i gcláir a sheachadadh go héifeachtach, ó thaobh an t-ábhar féin a bheith páirteach agus na rannpháirtithe féin a bheith páirteach araon.

Rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais aighneacht chuig RTÉ freisin ó thaobh an Chomhairliúcháin ar an Ráiteas Seirbhíse Poiblí, agus tugadh aird ar na saincheisteanna seo a leanas:

- soláthar seirbhísí agus cláir inrochtaine
- uilechuimsitheacht comhionannas/éagsúlacht laistigh de na cláir phríomhshrutha agus
- lonadaíocht chóir, chruinn agus chothromaithe ar dhaoine faoi mhíchumas a chinntiú, agus ar an tslí sin dul i ngleic le steiréitíopaí go háirithe i ndáil le daoine le deacrachtaí meabhairshláinte

An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide

Reáchtáil an tÚdarás trí chruinniú de chuid Fhóram Tionscail an Choimisiúin ar Sheirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas, do sholáthróirí teileachumarsáide agus d'eagraíochtaí míchumais. Seo a leanas roinnt de na príomhréimsí a díriodh orthu:

- Pacáiste Teileachumarsáide an AE le béim ar na himpleachtaí a bheidh ag na hathruithe sin ar sholáthróirí seirbhísí agus ar thomhaltóirí faoi mhíchumas
- feidhmiú córas láimhseála gearáin d'ardchaighdeán de chuid an Choimisiúin don tionscal teileachumarsáide
- iompar an tSuirbhé d'Úsáideoirí faoi Mhíchumas de chuid an Choimisiúin a bhí dírithe ar léargais lánbhrí a fháil ar riachtanais na n-úsáideoirí faoi mhíchumas rochtain a fháil ar sheirbhísí teileachumarsáide agus eolas a thabhairt maidir le hobair an Fhórait don bhliain 2011, go háirithe sna réimsí cúnamh maidir le seirbhís do chustaiméirí, saoráidí reatha a úsáid agus idirbhearta a mhalartú

Sheol an tÚdarás Náisiúnta Míchumais roinnt páipéar comhairleach polasaí freisin chuig an gCoimisiún a bhain leis na hábhair seo a leanas: Plean Straitéiseach; Oibleagáidí Seirbhíse Uilíoch; Seirbhísí Ardráta. Bíonn ionchur leanúnach ag an Údarás Náisiúnta Míchumais freisin mar chomhalta de Phainéal Comhairleach Tomhaltóirí an Choimisiúin.

An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh

Sheol an tÚdarás Náisiúnta Míchumais páipéar comhairleach polasaí chuig an gCoimisiún i ndáil le páipéar comhairliúcháin an Choimisiúin ar a dTreoir maidir le Cóid Chleachtais Leictreachais agus Gáis do Sholáthróirí 2010 agus bhí cruinnithe leantacha acu leis an Rialtóir. Léirítear na moltaí a rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais sna dréacht-threoirí lena n-áirítear profáil míchumais ar sheirbhísí caighdeánacha chun cur an méid agus is féidir le príomhshruathú; faisnéis a chur ar fáil i bhformáid chaighdeánach i bhformáid amháin eile ar a laghad de rogha an chustaiméara; agus saincheistanna áirithe i ndáil le custaiméirí leochaileacha a mbíonn leictreachas de dhíth orthu d'áiseanna agus do threalamh, etc mar gheall ar an gcineál míchumais atá ag dul dóibh. Sholáthair an tÚdarás Náisiúnta Míchumais comhairle freisin chuig an gCoimisiún ar phíolótú mhéadair chliste agus an tábhacht atá le dearadh uilíoch.

An Straitéis Náisiúnta Míchumais

Rannpháirtíocht i struchtúir mhonatóireachta

Bhí an tÚdarás Náisiúnta Míchumais mar chomhalta de choiste monatóireachta don phlean earnálach i ngach Roinn Rialtais, mar aon le bheith mar chomhalta de Ghrúpa Monatóireachta Geallsealbhóirí na Straitéise Náisiúnta Míchumais. Sholáthair an tÚdarás Náisiúnta Míchumais páipéir comhairleach polasaí faoi

mhonatóireacht a dhéanamh ar ghnéithe straitéiseacha agus tras-Rannach na Straitéise Náisiúnta Míchumais roimh chruinnithe leathbhliantúla an Ghrúpa Monatóireachta, mar aon le páipéir chomhairleach polasaí ar na gnéithe meabhairshláinte sa Straitéis Náisiúnta Míchumais.

Táscairí na Straitéise Náisiúnta Míchumais

Sholáthair an tÚdarás Náisiúnta Míchumais páipéar comhairleach polasaí do Ghrúpa Monatóireachta Geallsealbhóirí na Straitéise Náisiúnta Míchumais ar 50 táscaire torthaí don Straitéis Náisiúnta Míchumais agus iad nasctha le gach aon cheann de na spriocanna ardleibhéil, mar aon le sonraí bunlíne faoi gach aon cheann de na táscairí. Áiríodh leis na sonraí sin, sonraí foilsithe (e.g. Daonáireamh 2006, Suirbhéireacht Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh, Suirbhéireacht AE ar Ioncam agus ar Choinníollacha Maireachtála); trastábluithe arna dhéanamh ag an bPríomh-Oifig Staidrimh ar iarratas ón Údarás agus sonraí míchumas-sonraithe (e.g. na bunachair sonraí náisiúnta míchumais arna mbainistiú ag an mBord Taighde Sláinte). Ina theannta sin, choimisiúnaigh an tÚdarás suirbhé daonra-bhunaithe ar dhaoine faoi mhíchumas chun sonraí a bhailiú nach raibh ar fáil ó na foinsí a bhí ann.

Grúpa Geallsealbhóirí Míchumais

Lean an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ag soláthar rúnaíocht don Ghrúpa Geallsealbhóirí Míchumais, ar ionann sin agus grúpa neamhspleách arna tharraingt ón earnáil dheonach agus ón earnáil phobail, agus ar chomhalta sin de Ghrúpa Monatóireachta Geallsealbhóirí na Straitéise Náisiúnta Míchumais mar aon le comhalta de na grúpaí monatóireachta ag leibhéal na Roinne. Áirítear sa Ghrúpa:

- Cónaidhm na hÉireann um Míchumas
- Cuimsiú Éireann
- Cónaidhm Meabhairshláinte na hÉireann
- Cónaidhm Náisiúnta na gComhlachtaí Deonacha
- Cumann Gnó Seachbhrabúsach
- People with Disabilities in Ireland Ltd

Daoine faoi mhíchumas a fhostú sa tseirbhís phoiblí

Éilítear ar chomhlachtaí poiblí fhostú daoine faoi mhíchumas sa tseirbhís phoiblí a chur chun cinn agus tacú leo, agus tá sprioc i bhfeidhm go mbeadh an fórsa saothair comhdhéanta de 3% de dhaoine faoi mhíchumas. Tá feidhm reachtúil ag an Údarás Náisiúnta Míchumais monatóireacht a dhéanamh go bhfuiltear ag cloí leis na forálacha sin.

Léirigh Tuarascáil an Údaráis Náisiúnta Míchumais ar chomhlíonadh sa bhliain 2009 go bhfuil cion den fhoireann atá tuairiscithe mar fhoireann faoi mhíchumas, feadh na hearnála poiblí ina hiomláine, ardaith go dtí 2.9% in 2009 ó 2.7% in 2008. B'ionann an líon iomlán d'fhostaithe faoi mhíchumas sa tseirbhís phoiblí don bhliain 2009 agus 6,380, ardú beagnach 300 duine ar an bhfigiúr comhfhreagrach in 2008. Meastar go léiríonn roinnt den athrú atá taifeadta bealaí níos fearr ó thaobh bailiú sonraí agus rátaí nochtaithe, mar aon le haon fheabhsúchán a tharla i ndáiríre.

Chomhlíon na Ranna Rialtais go léir an sprioc 3% don bhliain 2009 ar aon dul le 2008; 4.2% den fhoireann don bhliain 2009 i gcomparáid le 3.9% don bhliain 2008. Chomhlíon 82% de chomhlachtaí rialtais áitiúil an sprioc 3% agus léiríonn sin go raibh míchumas ag dul do 37% de na daoine a bhí fostaithe feadh na hearnála sin.

Bhí laghdú ar éigin ar líon na gcomhlachtaí poiblí a chomhlíon nó a sháraigh an sprioc 3% - 53.5% don bhliain 2009 i gcomparáid le 55% don bhliain 2008. Is údar suntais é go raibh níos lú ná deichniúr foirne ag 22% de na comhlachtaí tuairiscithe áirithe sin.

Faoi alt 49 den Acht um Míchumas 2005, is féidir leis an Údarás Náisiúnta Míchumais gníomhartha sonracha a mholadh go foirmiúil, le ceadú an Aire iomchuí, do chomhlacht poiblí nár éirigh leo cloí lena n-oibleagáidí dlí sa réimse sin ar feadh dhá bhliain as a chéile, agus ní mór do na comhlachtaí poiblí na moltaí sin a chomhlíonadh. Tá na hoibleagáidí dlí sin faoi réir ráitis cháilitheacha mar 'a mhéid is indéanta' agus 'mura bhfuil cúiseanna maithe lena mhalairt'. Le linn 2010, bhí an tÚdarás Náisiúnta Míchumais gníomhach le roinnt comhlachtaí poiblí chun a aithint an raibh aon fhachtóirí ann a thabharfadh míniú ar a bhfeidhmíocht i mblianta iomchuí i ndiaidh a chéile. Níor tuairiscíodh go foirmiúil go raibh aon chomhlacht poiblí nach raibh ag comhlíonadh, ach mar sin féin cuireadh comhairle agus treoir an Údaráis in iúl, ar bhonn neamhreachtuil, chuig comhlachtaí a measadh go raibh scóip shuntasach feabhais de dhíth.

Tosaíocht Straitéiseach a Dó: Comhairle polasaí fianaisebhunaithe a sholáthar chun neamhspleáchas agus cáilíocht saol laethúil do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn ar feadh a saoil

Maireachtáil go Neamhspleách

Comhairliúcháin le Fócasghrúpaí

Chuaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais i mbun próisis chomhairliúcháin via sraith 15 fócasghrúpaí i sé n-ionad réigiúnach ar leithligh chun éisteacht le tuairimí daoine agus na tuairimí sin a thaifeadadh i ndoiciméad ar cad a chuidíonn nó a chuireann isteach ar dhaoine faoi mhíchumas ó bheith neamhspleách agus a bheith rannpháirteach sa ghnáthshaol laethúil ina bpobal féin. Reáchtáladh seisiúin ar leithligh le daoine faoi lagú fisiciúil agus céadfach, le daoine faoi mhíchumas intleachtúil, le daoine sa teaghlach, le lucht tacaíochta agus le foireann túslíne. Fuarthas amach san aiseolas tábhachtach go raibh srian á chur ar dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil ó ghnáthaimh a bhaineann lena seirbhísí agus a ndearcadh féin. Teastaíonn tuilleadh roghanna agus smacht ina saol ó dhaoine faoi mhíchumas fisiciúil agus céadfach.

D'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais dhá thuarascáil ó na Fócasghrúpaí ar Mhaireachtáil go Neamhspleách, ceann amháin ar mhaireachtáil go neamhspleách go ginearálta agus ceann eile a thug aghaidh ar théamaí atá ag teacht chun cinn ó Athbhreithniú Polasaí agus Luach ar Airgead na Roinne Sláinte agus Leanaí.

Maoiniú Aonair lena n-áirítear Íocaíochtaí Díreacha

Rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais roinnt cur i láthair bunaithe ar an obair atá déanta acu go dtí seo ar thaighde maidir le polasaí agus cleachtas íocaíochta chun go mbeadh an t-eolas sin mar bhuntaca do pháipéar comhairleach polasaí ar Mhaoiniú Aonair lena n-áirítear Íocaíochtaí Díreacha. Chun tacú leis an obair a dhéantar ar thionscnaimh a chuireann seirbhísí pearsanta agus mairachtáil go neamhspleách chun cinn, tá an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ag iniúchadh roghanna faoi láthair chun buiséid phearsanta a thabhairt isteach do dhaoine faoi mhíchumas bunaithe ar riachtanais tacaíochta aonair. Mar chuid den obair sin, rinneadh ionadaíocht ar an Údarás Náisiúnta Míchumais ag an **Reinventing Quality Conference 2010** sna Stáit Aontaithe. Foilseofar tuarascáil ar an tionscadal sin in 2011.

Taighde ar Sheirbhísí Sláinte

Mar a léiríodh sa chuid ar chúrsaí Sláinte, rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais taighde deisce chun forbairtí ar sheirbhísí míchumais comhaimseartha i ndlínsí ar leith a aithint agus a thaifeadadh i ndoiciméad. Rinneadh an taighde sin freisin le

haird ar an méid a baineadh amach ó thaobh maireachtáil neamhspleách atá leagtha amach in Airteagal 19 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Duine faoi Mhíchumas agus Athbhreithniú Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte ar Ionaid Chónaithe.

Tháirg an tÚdarás Náisiúnta Míchumais cáipéis freisin dar teideal **Contemporary Developments in Disability Services Paper on Developing Services for People with Disabilities 2010** ina leagtar amach na forbairtí agus na treochtaí tábhachtacha feadh na sé ndlínse a luaitear roimhe seo. Athbhreithnítear agus pléitear na dúshlán atá tagtha chun cinn sa tuarascáil sintéise agus breithnítear mar a eagraítear seirbhísí míchumais speisialacha sna dlínsí sin. Ionchorpraítear ann freisin nithe a foghlaimíodh ó chuairteanna de chuid an Údaráis Náisiúnta Míchumais ar láithreacha seirbhísí míchumais sna Stáit Aontaithe agus scrúdaítear polasaí straitéiseach agus forbairtí cleachtais sna seirbhísí sláinte, cúram sóisialta agus míchumais. Áirítear orthu forbairt ar dhearbhu cáilíochta agus caighdeán do sheirbhísí, athruithe ar sholáthar tacaíochtaí speisialacha mar sheirbhísí fostaíochta agus cóiríochta agus forbairt ar chórais mhonatóireachta a dhíríonn ar thorthaí pearsanta do dhaoine faoi mhíchumas. Tá sé beartaithe tuarascálacha ar leithligh a tháirgeadh ar na sé ndlínse sin.

Tá tús curtha ag an Údarás Náisiúnta Míchumais le tionscadal taighde a scrúdaíonn úsáid Tacaíochtaí Pobail Nádúrtha do dhaoine faoi mhíchumas. Cuirfear tús leis an taighde sin le hathbhreithniú litríochta a léireoidh polasaí, taighde agus cleachtas sa réimse seo agus bainfear leas as chun a bheith mar threoir do thaighde amach anseo a bheidh dírithe ar thuairimí agus taithí daoine faoi mhíchumais a iniúchadh maidir le tacaíochtaí nádúrtha agus tionscnaimh reatha a aithint in Éirinn a éascaíonn le húsáid tacaíochtaí den sórt sin.

Comhdháil Bhliantúil an Údaráis Náisiúnta Míchumais

Mheall comhdháil bhliantúil an Údaráis Náisiúnta Míchumais ar **Mhaireachtáil go Neamhspleách agus Rannpháirtíocht sa Phobal** thart ar 200 toscaire. Rinne saineolaithe idirnáisiúnta ceannródaíocha cuir i láthair ar thionscnaimh deachleachtais agus ar fhorbairtí polasaí go hidirnáisiúnta a chuireann maireachtáil go neamhspleách agus rannpháirtíocht sa phobal do dhaoine faoi mhíchumas chun cinn. Sa bhreis ar na seisiúin iomlánacha, rinneadh cuir i láthair eile ar na nithe a leanas: dearadh agus seirbhísí chun cuidiú le maireachtáil go neamhspleách; mar is féidir le pobail tacú le daoine faoi mhíchumas i bpobail; agus samplaí in Éirinn de dhaoine a bheith ag fágáil institiúidí agus ag bogadh isteach in ionaid phobail. Is féidir teacht ar imeachtaí na comhdhála ar láithreán gréasáin an Údaráis Náisiúnta Míchumais (www.nda.ie).

Seimineáir Taighde 2010

Reáchtáil an tÚdarás Náisiúnta Míchumais sraith seimineár taighde le linn 2010 le súil agus taighde arna mhaoiniú ag an Údarás Náisiúnta Míchumais a tugadh chun críche le gairid a léiriú agus scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna reatha a bhfuil spéis iontu mar na nithe seo a leanas:

- meabhairshláinte
- riachtanais tacaíochta agus buiséid phearsanta
- sonraí míchumais
- rochtain ar bhunoideachas phríomhshrutha
- polasaithe náisiúnta comparáideacha ar theanga chomharthaíochta
- fachtóirí faoi bhaol féinmharú agus féinmharú a chosc

Scéim Chur Chun Cinn Taighde an Údaráis Náisiúnta Míchumais

Sa bhliain 2008, sheol an tÚdarás Náisiúnta Míchumais Scéim Chur Chun Cinn Taighde a dhírigh ar mheabhairshláinte, agus as na ceithre thionscadal a ceadaíodh, tugadh ceann amháin acu sin chun críche sa bhliain 2010: **After a Suicide Attempt: A follow up study of young men who attempted suicide** leis an Dochtúir Anne Cleary as UCD. Ba é cuspóir an staidéir sin eolas leantach a bhailiú ar ghrúpa 52 fear a rinne iarracht lámh a chur ina mbás féin thart ar seacht mbliana roimhe sin. Tugann torthaí an taighde le fios go bhfuil foghrúpaí tábhachtacha inaitheanta i measc na ndaoine sin a rinne iarracht lámh a chur ina mbás féin agus go n-éilíonn gach aon cheann de na foghrúpaí sin cóireáil ar leith agus cur chuigí coisctheacha ar leith. Rinneadh sraith moltaí. Chuir an t-údar a cuid torthaí i láthair ag ceann de sheimineáir taighde an Údaráis Náisiúnta Míchumais.

Athbhreithniú ar Scéim Scoláireachtaí an Údaráis Náisiúnta Míchumais

Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar scéim scoláireachtaí an Údaráis Náisiúnta Míchumais in 2010. Mhaoinigh an scéim sin scoláirí PhD i raon disciplíní agus ollscoileanna ina mbaineann na topaicí le dlí, polasaí agus soláthar seirbhíse míchumais. Scrúdaigh an t-athbhreithniú feidhmiú na scéime agus rinneadh moltaí don todhchaí.

Seirbhísí máithreachais do mhná faoi mhíchumas

Foilsíodh an tríú tuarascáil sa tsraith taighde de chuid an Údaráis Náisiúnta Míchumais ar sheirbhísí máithreachais agus leanaí do mhná faoi mhíchumas in 2010. Scrúdaítear leis an tuarascáil sin taithí na mban laistigh de na seirbhísí máithreachais atá maoinithe go poiblí. Tá an taighde bunaithe ar agallaimh le máithreacha faoi mhíchumas ar an taithí a bhí acu ar na seirbhísí sláinte, agus ar

fhócas-ghrúpaí le foireann iomchuí. Is féidir teacht ar an tuarascáil ar láithreán gréasáin an Údaráis Náisiúnta Míchumais (www.nda.ie).

Tháirg an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, i gcomhar le Clár um Thoirchis Ghéarchéime Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, athbhreithniú litríochta ar na tacaíochtaí sárchleachtais atá ar fáil go hidirnáisiúnta do mhná faoi mhíchumas intleachtúil le toircheas géarchéime. Coimisiúnaíodh an tuarascáil sin i gcomhar leis an gClár um Thoirchis Ghéarchéime agus seoladh páipéar achoimre ar thorthaí na tuarascála ag seimineár náisiúnta i mí Mheán Fómhair.

Reachtaíocht maidir le Cumas Meabhrach

Lean an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ag tabhairt comhairle don Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí ar shaincheisteanna a bhaineann leis an mBille um Chumas Meabhrach atá le teacht. Thug an tÚdarás Náisiúnta Míchumais comhairle d'Fho-Choiste Saincheisteanna Dlí COSC freisin ar shaincheisteanna a bhaineann leis an dlí ar chumas daoine le lagú meabhrach comhthoiliú do chaidreamh gnéis.

Ríomhfhoghlaim maidir le feasacht ar mhíchumas

Chun feabhas a chur ar fheasacht ar mhíchumas i measc lucht foirne na hearnála poiblí, choimisiúnaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais forbairt uirlis ríomhfhoghlama chun Oiliúint ar Chomhionannas Míchumais a sholáthar d'fhoireann na hearnála poiblí. Tógfaidh sé thart ar aon uair an chloig an modúil oiliúna seo a thabhairt chun críche, agus cuirfear ar fáil é do chomhlachtaí poiblí na hÉireann.

Tugadh dearadh mionsonraithe an mhodúil seo chun críche in 2010, tar éis cleachtas comhairliúcháin leathan le comhlachtaí poiblí agus leis an earnáil mhíchumais. Tabharfar an modúl chun críche agus déanfar é a phíolótú le linn 2011.

Taighde ar Mhí-Úsáid

Tugadh taighde chun críche chun roghanna agus modheolaíocht do staidéar náisiúnta ar mhí-úsáid daoine faoi mhíchumas a aithint. Rinne an fhoireann staidéir athbhreithniú litríochta cuimsitheach freisin ar thaighde cáilíochtúil a bhaineann le mí-úsáid gnéis agus daoine faoi mhíchumas. Athbhreithníodh litríocht as Éirinn agus litríocht idirnáisiúnta araon, agus beidh sin mar threoir d'obair an Údaráis Náisiúnta Míchumais sa todhchaí chun meicníochtaí agus straitéisí a aithint a chuirfidh cosc agus nochtadh mí-úsáide chun cinn.

Sonraí Míchumais

Thug an tÚdarás Náisiúnta Míchumais comhairle don Phríomh-Oifig Staidrimh ar cheisteanna a bhaineann le míchumas i nDaonáireamh 2011 agus an leagan

amach a mba chóir sonraí den sórt sin a fhoilsiú. Cuireadh comhairle ar an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide freisin maidir le conas is fearr a d'fhéadfaí úsáid a bhaint as an Suirbhé Náisiúnta Míchumais mar chreat oibre dá suirbhé chun tuairimí na gcustaiméirí faoi mhíchumas a scrúdú.

Chun feabhas a chur ar an gcomhairle a sholáthraítear maidir le tionscnaimh phraiticiúla a fhéadfar a fheidhmiú chun uilechuimsitheacht a chur chun cinn, tá obair déanta ag an Údarás Náisiúnta Míchumais chun na bacainní agus na héascaitheoirí maidir le huilechuimsitheacht do dhaoine le lagú néareolaíoch agus do dhaoine a mbíonn Neamhord ar Speictream an Uathachais ag dul dóibh a thuairisciú. Bailítear faisnéis sna cáipéisí sin ar dheacrachtaí feidhmiúla, ar thruicir agus bacainní a bhíonn ag daoine le riochtaí sonracha agus leagtar amach faisnéis ar chóiríochtaí a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm. Cuirfidh an obair sin le heolas na foirne ar na réimsí sin agus beidh sé mar eolas do chomhairle polasaí an Údaráis Náisiúnta Míchumais agus a threoir ar inrochtaineacht.

Tosaíocht Straitéiseach a Trí: Uilechuimsitheacht a chur chun cinn trí inrochtaineacht agus dearadh uilíoch

Dualgas maidir le caighdeán

Tá dhá ról ag an Údarás Náisiúnta Míchumais i ndáil le caighdeán – i ndáil le comhairle a thabhairt ar chaighdeán do chlár agus do sheirbhísí a bheidh le húsáid ag daoine faoi mhíchumas, agus i ndáil le caighdeán do dhearadh uilíoch.

Faoin Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999, tá dualgas ar an Údarás Náisiúnta Míchumais comhairle a thabhairt ar chaighdeán chuí do chlár agus do sheirbhísí a bheidh le soláthar do dhaoine faoi mhíchumas mar aon le comhairle a thabhairt ar fhorbairt na gclár agus na gcaighdeán sin. Féadfaidh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais Cóid Chleachtais a ullmhú freisin le cur faoi bhráid an Aire.

Tá dualgas ar an Ionad Sárchleachtais ó thaobh Dearadh Uilíoch, a bunaíodh faoin Acht um Míchumas 2005 mar chuid lárnach den Údarás Náisiúnta Míchumais, a théann sa bhreis ar mhíchumas chun aghaidh a thabhairt ar tháirgí, ar sheirbhísí, ar thimpeallachtaí nó ar theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a fhéadfaí gach duine a úsáid, cibé cén aois, méid iad nó cibé cumas nó míchumas a bheith ag dul dóibh. Tá feidhmeanna sonracha ag an ionad cur le forbairt agus le fógairt caighdeán i ndáil le dearadh uilíoch, agus dul i mbun idirchaidrimh le comhlachtaí caighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta i ndáil le dearadh uilíoch chórais leictreonacha.

Cuid M de na Rialacháin Foirgníochta

Bhí ionadaíocht ag an Údarás Náisiúnta Míchumais ar Chomhlacht Comhairleach na Rialachán Foirgníochta agus ar an ngrúpa oibre a bunaíodh chun comhairle a chur ar an gComhairle Comhairleach maidir le forbairt rialachán foirgníochta athbhreithnithe ar inrochtaineacht (Cuid M de na Rialacháin Foirgníochta). Cheadaigh an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil Cuid M¹⁰ athbhreithnithe in 2010 agus beidh feidhm leo ón mbliain 2012.

Dréachtchód Cleachtais ar Láithreáin Oidhreacht Inrochtaine

I ndiaidh comhairliúcháin náisiúnta sa bhliain 2009, d'fhorbair agus sheol an tÚdarás Náisiúnta Míchumais dréachtchód cleachtais chuig an Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta chun inrochtaineacht ag láithreáin oidhreacht a chur chun cinn mar atá leagtha amach in alt 29 den Acht um Míchumas 2005. Is é an aidhm atá leis an ndrucht-Chód Cleachtais tacú le húinéirí agus le bainisteoirí láithreáin oidhreacht chun feabhas a chur ar

¹⁰ <http://www.irishstatutebook.ie/2010/en/si/0513.html>

inrochtaineacht ag a gcuid láithreán oidhreacht a lena chinntiú go bhféadfaidh daoine faoi mhíchumas láithreáin den sórt sin a úsáid, nuair is indéanta, go héasca agus le dínit.

An Gradam Sárchleachtas trí Inrochtaineacht

D'oibrigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais le thart ar 20 comhlacht poiblí le linn 2010 chun cuidiú leo feabhas a chur ar inrochtaineacht a gcuid seirbhísí poiblí. Rinneadh measúnachtaí mionsonraithe ar 13 ionad ar leith agus dheimhnigh Bord Faofa **na nGradam Sárchleachtas trí Inrochtaineacht atá neamhspleách gradaim do na 13 ionad sin go léir.**

Inrochtaineacht Seirbhísí Poiblí a Chur Chun Cinn

Thug an tÚdarás Náisiúnta Míchumais chun cinn roinnt foilseachán treorach nua tábhachtach do na comhlachtaí san earnáil phoiblí lena n-áirítear leagan leasaithe dár dtreoir ar **Safe Evacuation for All**; treoir nua ar fháil inrochtaineacht; agus treoir chun inrochtaineacht i ngach bunscoil agus meánscoil a chur chun cinn. Chuathas i mbun próisis chomhairliúcháin ar gach aon cheann de na dréacht-fhoilseacháin sin. Meastar go dtabharfar na foilseacháin sin chun críche agus go seolfar iad in 2011.

Ionad Sárchleachtais ó thaobh Dearadh Uilíoch

Dhírigh obair an Údaráis ar dhearadh uilíoch in 2010 ar na nithe a leanas:

- cur le feasacht
- ag obair i gcomhar le príomhgheallsealbhóirí chun forbairt caighdeán i ndearadh uilíoch a threorú
- ag obair i gcomhpháirtíocht le lucht acadúil chun dearadh uilíoch a lánpháirtiú i gcuraclam iomchuí ag an tríú leibhéal

Dúshlán Dearaidh 24 Uair an Chloig

D'eagraigh an tIonad An Dúshlán Dearaidh Uilíoch 24 Uair an Chloig 2010 agus d'éirigh go hiontach leis agus b'ionann an téama agus "Teicneolaíocht sa Chathair" a dhírigh ar dhearaí nua chun feabhas a chur ar inrochtaineacht agus inúsáideacht de thairiscintí faisnéise agus seirbhísí in áiteanna poiblí.

Lánpháirtíodh an ócáid le Líonra Eorpach Ríomh-Inrochtaineachta Dearadh do Chách ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil an Údaráis Náisiúnta Míchumais a thug urraíocht don ócáid agus comhdháil dar teideal "Teicneolaíocht sa Chathair". Cuireadh le próifíl an dá ócáid toisc gur nascadh le chéile iad agus chuidigh sin le hidirchaidreamh idir raon daoine gairmiúla agus cinntíodh éifeachtúlachtaí foirne agus coigiltis costais shuntasacha ar an tslí sin.

Líonra Eorpach Ríomh-Inrochtaineachta Dearadh do Chách

Ghlac an tIonad leis an ról mar rúnaíocht don Líonra Dearadh do Chách in 2010, mar aon le freagracht a ghlacadh as an ionad teagmhála náisiúnta ar ríomh-Inrochtaineacht. Áiríodh ar an ról faisnéis a roinnt ar obair an Ionaid agus faisnéis a bhailiú maidir le sárchleachtais agus forbairtí nua ar inrochtaineacht ICT agus dearadh uilíoch ó ar fud na hEorpa.

Cur le Feasacht

Reáchtáil agus chomhoibriú an tÚdarás Náisiúnta Míchumais roinnt imeachtaí do gheallsealbhoirí agus bhíothas rannpháirteach iontu in 2009 agus díriodh ar phríomhghnéithe de dhearadh uilíoch, na nithe a leanas san áireamh:

- seimineár ar Spásanna Comhroinnte, i gcomhar le hInnealtóirí Éireann
- seimineár ar **dhearadh uilíoch i reachtaíocht, i bpolasaí agus i gcleachtas**
- seimineár ar chórais phobalbhunaithe, ar thionscnaimh athchóirithe agus reachtúla chun cur le deiseanna tithíochta príomhshrutha do dhaoine faoi mhíchumas in Iowa
- ceardlann a dhírigh ar mar a mhúintear dearadh uilíoch faoi láthair agus mar a fheidhmítear sin ag DIT mar aon leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar thionscnamh campais Ghráinseach Ghormáin de chuid DIT
- sraith ceardlann chun a léiriú mar is féidir modheolaíochtaí dearaidh uilíoch a fheidhmiú go díreach isteach i bpleanáil agus i gcleachtas na n-údarás áitiúil

Thacaigh an tIonad le heagarthóireacht agus le bailiú ábhair don **Sraith Straitéisí ar Ríomh-Inrochtaineacht do Dhéantóirí Polasaí ar ICT** ag teacht le hoibleagáidí faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Duine faoi Mhíchumas. Tá an fhaisnéis sin go léir le fáil go héasca ar an láithreán gréasáin: www.e-accessibilitytoolkit.org

Caighdeán ó thaobh dearadh uilíoch

Déanann an tIonad cathaoirleacht ar an gCoiste Comhairleach Caighdeán maidir le hInrochtaineacht do Chách arna rith ag Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann. D'athbhreithnigh an tIonad an dréacht is déanaí de **International Standard ISO/DIS 21542 - Building construction: Accessibility and usability of the built environment**. Chuir an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann tuairimí chuig an Eagraíocht Idirnáisiúnta Caighdeán.

Rinne an tIonad cathaoirleacht ar fhorbairt caighdeán nua de chuid na hEagraíochta Caighdeán Eorpaigh (CEN) ar Churaclam Dearaidh Uilíoch do Dhaoine Gairmiúla ICT. Thángthas ar chomhréiteach ina leith sin i mí na Samhna 2010.

Leanadh leis an obair **Building for Everyone**, ó pheirspictíocht dearaidh uilíoch, mar shraith naoi leabhrán, go dtí 2010. Tá sé mar aidhm anois iad a fhoilsiú sa bhliain 2011.

Oideachas

Scrúdaigh an tlonad, i dtionscadal taighde comhpháirtíochta le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath cleachtas idirnáisiúnta ar ábhar dearaidh uilíoch mar chuid d'oideachas tríú leibhéal i gcúrsaí innealtóireachta agus dearaidh. Ina theannta sin, scrúdaíodh leis an taighde mar is féidir dearadh uilíoch a mhúineadh agus a fheidhmiú ag campas Choláiste na Tríonóide.

Bainistíonn an tlonad dhá thionscadal comhaltachta taighde a fhaigheann urraíocht ón Údarás Náisiúnta Míchumais mar aon le Comhairle Taighde na hÉireann d'Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht. Soláthraíonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, mar an Comhpháirtí Fiontar, aon tríú den mhaoiniú don taighdeoir agus bíonn an meantóir taighde ar fhoireann an lonaid ag idirchaidreamh leis an meantóir acadúil chun comhairle a thabhairt don taighdeoir le linn na dtionscadal. Seo a leanas an dá thionscadal taighde atá gníomhach:

- **Taighde ar Dhearadh Táirgí Uilíoch, Modhanna agus Próisis:** Comhalta taighde iardhochtúireachta a fhaigheann meantóireacht ó Ionad Innealtóireacht Bithleighis Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath a scrúdaíonn feidhmiú dhearadh uilíoch ó thaobh fhorbairt táirgí míochaine trí chás-staidéar sárchleachtais mar bhunús d'fhorbairt creata oibre do churaclam tríú leibhéal lena mbaineann
- **Rátáil Dearaidh Uilíoch don Timpeallacht Thógtha:** Comhalta taighde iarchéime a fhaigheann meantóireacht ó TrinityHaus laistigh de Scoil na hInnealtóireachta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Tosaíocht Straitéiseach a Ceathair: Cur le cumas an Udaráis Náisiúnta Míchumais a bheith ábalta na spriocanna straitéiseacha atá acu a sheachadadh

Oiliúint agus Forbairt

Mar aitheantas ar an tábhacht atá le ceannaireacht láidir chun straitéis eagraíochtúil a sheachadadh go héifeachtach rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais tairiscint ar sholáthar clár oiliúna forbartha ceannaireachta saincheaptha do bhainisteoirí sinsearach agus do mheán-bhainisteoirí in 2009, mar a rinneadh soláthar i Straitéis Acmhainní Daonna an Údaráis Náisiúnta Míchumais 2007-2009. Is é aidhm an chlár stíl cheannaireachta chomhsheasmhach a chothú agus a chur chun cinn san Údarás Náisiúnta Míchumais, bunaithe ar mhisean, ar fhís agus ar luachanna na heagraíochta agus tacú le seachadadh éifeachtach Phlean Straitéiseach an Údaráis Náisiúnta Míchumais agus an Chláir Rialtais. Tugadh céim mheasúnaithe, a bheadh mar chabhair le saincheapadh a dhéanamh ar chlár oiliúna, chun críche i mí na Nollag 2009 agus as sin cuireadh modúil oiliúna ar fáil do gach bainisteoir sinsearach agus meánbhainisteoir in 2010.

Airgeadas agus Rialachas

I mí an Mheithimh 2010, tar éis athrú a bheith déanta ar na Ranna Rialtais, d'aistrigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais chuig an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta. Mar thoradh air sin, agus chun tacú le héifeachtúlachtaí leanúnacha, thosaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ar obair chun íocaíochtaí creidiúnaithe, párolla agus próiseáil taistil agus cóiríocht a aistriú chuig saoráid seirbhíse comhroinnte sa Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta i mí na Nollag 2010.

Ag teacht le dea-rialachas, rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais athbhreithniú ar rialuithe airgeadais inmheánach i mí Aibreáin 2010 agus chuidigh sin le heolas a thabhairt faoi cheadú Ráitis Airgeadais 2009. Choimisiúnaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais athbhreithniú agus nuashonrú ar an **Lámhleabhar Rialachas Corparáideach** freisin chun sárchleachtas reatha a léiriú agus go háirithe chun na riachtanais sa **Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009** a ionchorprú. Bhí an obair sin ag leanúint ar aghaidh ag deireadh na bliana.

Córais Faisnéise agus Taifeadta

I rith 2010 d'fhorbair an tÚdarás Náisiúnta Míchumais bunachar sonraí ordaithe chun cúlra aoisliúntais agus mionsonraí fostaithe reatha agus iarfhostaithe a stóráil air. Cuideoidh an bunachar sonraí leis an Údarás Náisiúnta Míchumais a oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh mar aon le riachtanais dlí a bhaineann le

teidlíochtaí pinsin agus cinnteofar go stórálfar an fhaisnéis agus go gcoimeádfar sin in áit lárnach agus slán. Ina theannta sin soláthraítear teacht éasca agus tapa ar fhaisnéis mhionsonraithe, mar aon le réamhaisnéis a thabhairt ar theidlíocht pinsin ag aois scortha.

Cuireadh tús le hobair freisin ar fheabhas a chur ar Chlár Sócmhainní Seasta an Údaráis Náisiúnta Míchumais isteach i mbunachar sonraí faisnéise cuimsitheach chun monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar thaifid agus sócmhainní a rianú.

Comhpháirtíocht

Bhí ceithre chruinniú ag coiste comhpháirtíochta an Údaráis Náisiúnta Míchumais le linn 2010. Seo a leanas roinnt de na réimsí a raibh an coiste gníomhach ina leith i rith na bliana. An Plean Rochtana agus Plean an Oifigigh Fuinnimh; Plean Gnímh do Chustaiméirí, aiseolas ar an Straitéis Chumarsáide agus an plean gnímh lena mbaineann; agus próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar oibríochtaí an choiste comhpháirtíochta in 2011.

Oifigeach Rochtana

Éilíonn an tAcht um Míchumas 2005 ar gach comhlacht poiblí aon Oifigeach Rochtana amháin a bheith acu ar a laghad. Chinntigh Oifigeach Rochtana an Údaráis Náisiúnta Míchumais cúnamh cuí do dhaoine faoi mhíchumas a bhain leas as faisnéis agus seirbhísí an Údaráis Náisiúnta Míchumais i rith 2010. Tá mionsonraí teagmhála an Oifigigh Rochtana ar fáil ar leathanach baile an láithreáin ghréasáin.

Straitéis Chumarsáide

I ndiaidh dul i gcomhairle le geallsealbhóirí seachtracha an Údaráis Náisiúnta Míchumais, agus go himmheánach leis an bhfoireann, forbraíodh **Straitéis Chumarsáide 2010-2012** agus plean gnímh lena mbaineann chun tacú le seachadadh an **Phlean Straitéisigh 2010-2012**.

Sláinte agus Sábháilteacht

Mar chuid den obair leanúnach faoi shláinte agus sábháilteacht chun feabhas a chur ar inrochtaineacht foriomlán bhealaí éigeandála, tugadh an obair ar uasghrádú ar an ardaitheoir atá chun tosaigh san fhoirgneamh i gcás éalú éigeandála chun críche.

Seirbhís Leabharlainne

Tá breis agus 55,000 mír i seilbh an Údaráis Náisiúnta Míchumais ar chúrsaí míchumais agus ábhair lena mbaineann, agus soláthraítear leis acmhainn chun tacú le faisnéis, comhairle agus treoir atá fianaisebhunaithe. Tá an bailiúchán ollmhór comhdhéanta de leabhair, irisleabhair, nuachtlitreacha, ailt nuachtáin,

DVDanna, físeáin agus CD-ROManna. Mar aon le catalóg ar líne a thairiscint, soláthraíonn an Leabharlann leabhair agus alt irisleabhair tríd an bpost. Is féidir le daoine cuairt a thabhairt ar an Leabharlann chun obair níos doimhne a dhéanamh. Faigheann an Leabharlann leabhair agus ailt don fhoireann freisin ó acmhainní leabharlainne níos mó. Oibrítear an Leabharlann ar bhonn páirtaimseartha, soláthraítear rochtain ar an teileafón gach maidin i rith na seachtaine agus is féidir coinní a shocrú do dhá lá in aghaidh na seachtaine.

I rith 2010, d'fhreagair an Leabharlann 935 fiosrúchán (tháinig aon tríú acu ón bhfoireann), agus thosaigh 49 ball nua sa leabharlann i rith na bliana. Sholáthair an Leabharlann 192 leabhar ar iasacht agus 272 alt irisleabhair freisin.

Ráitis Airgeadais 2010

Clár

| | |
|--|----|
| Baill an Údaráis Náisiúnta Míchumais agus Eolas Eile | 39 |
| Feidhmeanna agus Cumhachtaí ÚNM..... | 40 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí na mBall den Údarás | 42 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais | 43 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 46 |
| Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta..... | 48 |
| Cuntas Ioncaim Agus Caiteachais | 49 |
| Clár Comhardaithe..... | 51 |
| Ráiteas ar an Sreabhadh Airgid | 52 |
| Nótaí ar na Ráitis Airgeadais | 53 |

Baill an Údaráis Náisiúnta Míchumais agus Eolas Eile

Baill an Údaráis Náisiúnta Míchumais (Eanair 1 – Nollaig 31 2010)

| | Líon na gcruinnithe ar fhreastail linn na tréimhse seo | Táillí | Speansais |
|--|---|-----------|-----------|
| An tUasal Peter Mc Kevitt, (Cathaoirleach) | 8/10 | €8,978.00 | €51.20 |
| An Dr. Tony Bates | 6/10 | €5,985.00 | |
| Caroline Burrell Uasal | 10/10 | €5,985.00 | €186.07 |
| An tUasal Frank Cunneen | 9/10 | €5,985.00 | |
| Tara Cunningham Uasal | 8/10 | €5,985.00 | |
| An tUasal Colm Desmond | 8/10 | | |
| Fiona Duignan Uasal | 8/10 | €5,985.00 | |
| Linda Grealay Uasal | 8/10 | | |
| An tUasal Shane Hogan | 10/10 | | |
| An tUasal David Joyce | 7/10 | €5,985.00 | |
| An tUasal Des Kenny | 9/10 | €5,985.00 | |
| Mary Lavelle Uasal | 9/10 | €5,985.00 | |
| Joanne McCarthy Uasal | 7/10 | €5,985.00 | |

Stiúrthóir:

Siobhan Barron Uasal

Aturnaetha:

Kilcullen and Associates
183 Bóthar Ráth Maonais Íocht
Baile Átha Cliath 6.

Baincéirí:

Banc na hÉireann
Sráid Líosáin Uacht
Baile Átha Cliath 4.

Iniúcháirí:

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2.

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

Bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ar an 12 Meitheamh 2000 faoi Alt 6 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999.

Feidhmeanna agus Cumhachtaí ÚNM

Is é is príomhfheidhm ag an ÚNM ná comhairle a chur ar an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir le ceisteanna polasaí agus cleachtais maidir le míchumas. Aistríodh Freagracht Aireachta as an NDA ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí chuig an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta an 1 Meitheamh faoi IR 217 de 2010.

Cuimsíonn feidhmeanna áirithe an Údaráis faoi Alt 8 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999:

- Feidhmiú mar chomhlacht lárnach náisiúnta a chabhróidh leis an Aire i gcomhordú agus i bhforbairt polasaí maidir le daoine faoi mhíchumas
- Dul i mbun, coimisiúnú a dhéanamh ar nó comhoibriú le tionscadail agus gníomhaíochtaí taighde maidir le saincheisteanna a bhaineann le míchumas agus cúnamh a thabhairt i bhforbairt fhaisnéis staitistiúil atá cuí do phleanáil, seachadadh agus monatóireacht na gclár agus na seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas
- Comhairle a chur ar an Aire ar chaighdeán chuí do chlár agus do sheirbhísí a soláthraítear nó a soláthrófar do dhaoine faoi mhíchumas agus gníomhú mar chomhlacht comhairleach maidir le forbairt ar chaighdeán ghinearálta agus sainchaighdeán maidir lena leithid de chlár agus de sheirbhísí
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiúchán ar chaighdeán agus ar chóid chleachtais i gclár agus i seirbhísí a soláthraítear do dhaoine faoi mhíchumas agus tuairisciú don Aire air sin
- Teagmháil le comhlachtaí eile, corpraithe agus neamhchorpraithe, atá rannpháirteach i soláthar seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas agus áisiú agus tacaíocht a thabhairt i bhforbairt agus i bhfeidhmiúchán caighdeán cuí do chlár agus do sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas
- Cóid chleachtais a bhaint amach ar chaighdeán mhaithe agus ardcháilíochta i soláthar chlár agus seirbhísí a sholáthraítear do dhaoine faoi mhíchumas.
- Baint amach caighdeán mhaithe agus ardcháilíochta i soláthar chlár agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a aithint, ag áireamh soláthair ar chóras dámhachtana um chomhionannas míchumais
- Pleananna straitéisacha a ullmhú

Ar fheidhmeanna breise an Údaráis faoi Acht Míchumais 2005 tá:

- Cóid chleachtais a ullmhú maidir le inrochtaine foirgneamh poiblí, seirbhísí, faisnéise agus láithreán oidhreachtas agus fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí ar iarratas ón Aire (Cuid 3)
- Monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúntas do spriocanna reachtúla d'earcaíocht agus d'fhostaíocht daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí, gníomhaíocht a mholadh nuair nach bhfuil na spriocanna sin á mbaint amach, agus cóid chleachtais a ullmhú nuair a iarrtar sin (Cuid 5)
- Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch a bhunú sa chomhshaol tógtha agus sa teicneolaíocht faisnéise a chuirfidh na prionsabail um dhearadh uilíocht atá inrochtain, gur féidir a thuiscint agus a úsáid a mhéid agus is féidir ag daoine faoi mhíchumas:
 - ar an mbealach is neamhspleáchaí agus is nádúrtha
 - sa réimse is fairsinge suíomh agus ócáid
 - gan ghá le leasú, oiriúnú, fearas cuidithe nó sainréiteach (Cuid 6)

Cumhachtaí reachtúla

D'fhonn a fheidhmeanna reachtúla a chomhlánú, tá cumhachtaí áitrithe reachtúla ag an Údarás faoin Acht an Údaráis Náisiúnta Míchumas 1999:

- Tá ceart rochtana ag an Údarás ar eolas (sonraí san áireamh) atá ábhartha dá chuid feidhmeanna agus atá i seilbh comhlachtaí poiblí (Alt 13)
- Tig leis an Údarás eolas a lorg ar aon ní a bhaineann le soláthar chlár nó seirbhísí, do dhaoine faoi mhíchumas, atá á soláthar mar dhualgas reachtúil agus atá á maoiniú go hiomlán nó go páirteach ón gciste poiblí (Alt 14)
- Déanann an tÚdarás moltaí d'athbhreithniú, laghdú nó tarraingt siar airgid a sholáthraíonn an tOireachtas do chlár nó do sheirbhís nuair a meastar dó é a bheith á chur ar fáil ar bhealach neamhleor nó míshásúil nó nach bhfuil sé á chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas (Alt 15(4))
- Déanann an tÚdarás tuairisciú bliantúil agus tuairiscí eile don Aire maidir lena chuid feidhmeanna (Alt 15)

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na mBall den Údarás

Tá ar an Údarás faoi Alt 17 den Acht Náisiúnta Míchumais 199 ráiteas airgeadais a ullmhú do gach aon bhliain airgeadais ar leith a thugann léargas fírinneach cóir ar stáid ghnóthaí an Údaráis agus ar a ioncam agus caiteachais don tréimhse sin.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá ar an gComhairle:

- polasaithe oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasamhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar
- cloí le Caighdeáin infheidhmithe Cuntasaíochta, faoi réir aon difríochtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna Ráitis Airgeadais
- na ráitis airgeadais as ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí a thoimhdiú go leanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais a bheith ann

Tá freagracht ar an Údarás cuntais chearta cuntasaíochta a choimeád, a nochtann staid airgeadais an Údaráis le cruinneas réasúnta ag am ar bith, agus a chinntiú go ngéilleann na ráitis airgeadais don Acht. Tá sé freagrach chomh maith as sóchmhainní an Údarás Náisiúnta Míchumais a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh do chosc agus do bhrath calaoise agus neamhrialtachtaí eile.

Thar ceann an Údaráis

Cathaoirleach: An tUasal Peter McKeivitt

Stiúrthóir: Siobhan Barron Uasal

16 Meitheamh 2011

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

Thar ceann Bhord an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, admhaím ár bhfreagracht as deimhin a dhéanamh go bhfuil córas éifeachtach rialála airgeadais inmheánaigh á chothú agus á fheidhmiú..

Ní féidir lena leithéid de chóras ach dearbhú réasúnta, nach ionann agus dearbh amach is amach, a thabhairt go bhfuil sóchmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go stoptar dearmaid nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad ar bhealach tráthúil.

Tá céimeanna glactha ag an Údarás le deimhin a dhéanamh de go bhfuil comhshaol cuí rialála ann trí:

- Bunú nósanna foirmeálta imeachta trí fheidhmeanna éagsúla coiste le monatóireacht agus cosaint a dhéanamh ar shóchmhainní na heagraíochta
- Léirmhíniú soiléir agus doiciméadú a dhéanamh ar fhreagrachtaí agus ar chumhachtaí na bainistíochta
- Cultúr láidir cuntasachta a fhorbairt ar gach aon leibhéal ar fud na heagraíochta

Tá nós imeachta bunaithe ag an Údarás chomh maith le rioscaí gnó a aithint agus a luacháil.. Baintear seo amach ar bhealaí éagsúla, ina measc:

- Nádúr, méid agus impleachtaí airgeadais rioscaí don Údarás Náisiúnta Míchumais a aithint
- Measúnú a dhéanamh ar dhóchúlacht na rioscaí a bheith ag tarlú. Tá clár riosca ullmhaithe ag an ÚNM ag cuimsiú rioscaí géilliúntais/cáile, straitéise, oibriúcháin, faisnéise teicneolaíochta agus airgeadais. Chomh maith le sin, tugtar anailís riosca chun críche ag céim na pleanála tionscadail agus scóipe
- Measúnú ar chumas an Údarás Náisiúnta Míchumais na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú
- Oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí agus institiúidí éagsúla le deimhin a dhéanamh de go bhfuil tuiscint shoiléir ann ar spriocanna an ÚNM agus tacaíocht do straitéisí an Údaráis leis na spriocanna sin a bhaint amach
- Athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar phleananna straitéiseacha gearr agus fadtéarmacha agus luacháil ar na rioscaí ar na pleananna sin a thabhairt i bhfeidhm
- Leagan amach spriocanna bliantiúla agus níos faide do na réimsí ar leith dár ngnó agus ina ndiaidh tuairisciú rialta ar na torthaí a bhaintear amach

